

Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead!



Tráthnóna amháin, bhí mé féin agus mo dheirfiúr ag féachaint ar an idirlíon nuair a léigh muid go mbeadh The Script ag bualadh sa Staid AVIVA agus ní raibh ar na ticéid ach 50 euro an duine. Shíl mé go raibh costas na dticéid iontach réasúnta.



Bhí muid **ag iarraidh dul** ann. Bhí cárta creidmheasa Dhaid ar an matal agus bhí an uimhir ar eolas agam. Dúirt mé nach mbeadh a fhios ag Daid. Chuir muid uimhir an chárta isteach agus cheannaigh muid cúpla ticéad.



Thug muid aghaidh ar an AVIVA agus bhí an stáid plódaithe le daoine. Bhí atmaisféar leictreach ann. Bhí an banna ar dóigh agus bhí muid breá sásta gur cheannaigh muid na ticéid. Níor mhothaigh muid **ciontach** ag an am.



Ach, ar an drochuair, fuair Daid amach. Mar a deir an seanfhocal. '**Filleann an feall ar an bhfeallaire**'. Ar ndóigh, bhí mo Dhaid **ar buile** go raibh céad euró **sa bhreis** ar a bhille. Ní raibh sé ábalta é **a chreidmheáil** go ndearna muid rud chomh hamaideach



Cheistigh Daid muid **go géar** faoin tsuim mhór airgid ar an bhille. Bhí díomá an domhain ar Mham agus ar Dhaid. Ní raibh leithscéal ar bith againn agus bhí náire an domhain orm faoi gach rud. **Ghabh muid ár leithscéal**, ach ní raibh neart air.



Ina dhiaidh sin, **bhí orainn** obair tí a dhéanamh. Mar shampla, na fuinneoga agus na hurláir a ghlanadh. Is cuimhin liom gur chaill muid amach ar oíche mhór sa chlub óige. Ní raibh cead againn bualadh lenár gcairde ag an deireadh seachtaine. Bhí ceacht maith foghlamtha againn!